**Uimhreas**

**Codáin**

**Subh a Dhéanamh**

| Gné | h<br>An foghlaimeoir | i<br>An foghlaimeoir | j<br>An foghlaimeoir | k<br>An foghlaimeoir |
|---|---|---|---|---|
| **Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna** | Baineann sé úsáid as codáin chun fadhbanna casta i bhfocail agus puzail a réiteach a mbaineann uimhreacha agus tomhais leo. | Cuireann sé tascanna réitigh fadhbanna a bhaineann le codáin agus tomhais i gcrích agus na modhanna agus an réasúnaíocht á míniú aige. | Réitíonn sé fadhbanna a mbaineann coibhneasa leo. | Réitíonn sé fadhbanna a mbaineann aistriú cóimheasa leo. |

https://www.curriculumonline.ie/getmedia/fdadae23-14fd-49e9-ba96-d1c11c0f847b/GA_PMC_PC12_Uimhreas_Codain.pdf

Déanann an rúibric ghrádaithe measúnú ar fheidhmíocht an dalta maidir le lipéad a dhearadh le haghaidh **próca amháin de shubh sméara dubha** agus ceisteanna a fhreagairt a bhaineann leis an méid sméara dubha, uisce, sú líomóide, siúcra atá sa phróca.

| **Rúibric Ghrádaithe** | **Cad é is féidir leis na foghlaimeoirí a dhéanamh** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna** | **h<br>An foghlaimeoir** | **i<br>An foghlaimeoir** | **j<br>An foghlaimeoir** | **k<br>An foghlaimeoir** |
| **Dearadh an Lipéid** | Tá an lipéad soiléir go leor ach níl neasmhéideanna ann nó tá sé deacair a thuiscint. | Tá an lipéad soiléir agus tá roinnt sonraí ann. | Tá cuma mhaith ar dhearadh an lipéid agus tá na sonraí tábhachtacha ar fad ann. | Tá dearadh an lipéid soiléir agus tarraingteach agus tá na sonraí riachtanacha ar fad ann. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Tá liosta beacht ann ar neasmhéideanna sméara dubha, uisce, sú líomóide, agus siúcra i bpróca amháin de shubh sméara dubha. |

**Comhábhair le haghaidh 5 phróca suibhe:**

- 8 gcupán sméara dubha
- 1/2 chupán uisce
- 1/4 cupán sú líomóide
- 4 chupán siúcra

**Fíricí maidir le subh**

- Tá cupán amháin sméara dubha thart ar 150 gram.
- Má ghlactar leis go bhfuil gach sméar dubh mar an gcéanna le spúnóg bhoird torthaí, tá thart ar 16 sméar dubh i riar amháin.
- 500g sméara dubha = thart ar 2 2/3 cupán iomlána = thart ar 400 ml (1 2/3 cupán) brúite.
- D'fhéadfadh 40-60% siúcra de réir meáchain a bheith i ngnáthphróca suibhe. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh thart ar 10-15 gram siúcra, nó 2.5 - 3.5 taespúnóg, a bheith i riar 28 gram suibhe.
- De ghnáth is é an cóimheas torthaí-le-siúcra le haghaidh subh traidisiúnta 1:1 (i.e. siúcra 450g agus torthaí 450g).

| Catagóir | Tuairimí |
|---|---|

| | |
|---|---|
| ***Comparáid le Cupán Amháin***<br><br>Aithníonn sé go bhfuil níos mó nó níos lú ná cupán sméara dubha amháin i bpróca suibhe amháin<br><br>Aithníonn sé go bhfuil níos mó nó níos lú ná cupán siúcra amháin i bpróca suibhe amháin | |
| ***Meastachán ar Thaespúnóga***<br><br>Déanann sé meastachán réasúnta ar líon na dtaespúnóg suibhe atá i bpróca amháin<br><br>Tacaíonn réasúnaíocht agus ríomhanna leis an meastachán | |
| ***Meastachán ar Sméara Dubha***<br><br>Déanann sé meastachán réasúnta ar líon na sméar dubh i dtaespúnóg amháin suibhe<br><br>Tacaíonn réasúnaíocht agus ríomhanna leis an meastachán | |

**Straitéisí réitigh na ndaltaí: Ríomh an méid comhábhar atá ag teastáil chun líon áirithe prócaí de shubh sméara dubha a dhéanamh agus líon na bprócaí is féidir a líonadh le méid áirithe sméara dubha.**

| **Catagóir** | **Critéir** | **Tuairimí** |
|---|---|---|
| Ríomh na comhábhair atá ag teastáil le haghaidh cainníochtaí éagsúla prócaí | I. Roinneann an foghlaimeoir ar 5 chun méid na gcomhábhar a fháil le haghaidh próca amháin agus ansin iolraíonn sé faoi 20, 50, nó 100.<br><br>II. Aithníonn an foghlaimeoir iolraí de 5. Mar sin, chun 20 próca a fháil méadaíonn sé faoi 4, 50 próca faoi 10 srl.<br><br>III. Déanann sé ríomhanna ag baint úsáid as iolrú codáin ar uimhir iomlán. | |
| a) Le haghaidh 20 próca suibhe:<br><br>• Sméara dubha: 8 gcupán × (20 próca ÷ 5 phróca) = 32 cupán<br>• Uisce: 1/2 chupán × (20 próca ÷ 5 phróca) = 2 chupán<br>• Sú líomóide: 1/4 sú líomóide × (20 próca ÷ 5 phróca) = luach líomóid amháin de shú<br>• Siúcra: 4 chupán × (20 próca ÷ 5 phróca) = 16 chupán | | |
| b) Le haghaidh 50 próca suibhe:<br><br>• Sméara dubha: 8 gcupán × (50 próca ÷ 5 phróca) = 80 cupán<br>• Uisce: 1/2 chupán × (50 próca ÷ 5 phróca) = 5 chupán<br>• Sú líomóide: 1/4 sú líomóide × (50 próca ÷ 5 phróca) = luach 2.5 líomóid de shú<br>• Siúcra: 4 chupán × (50 próca ÷ 5 phróca) = 40 cupán | | |
| c) Le haghaidh 100 próca suibhe:<br><br>• Sméara dubha: 8 gcupán × (100 próca ÷ 5 phróca) = 160 cupán<br>• Uisce: 1/2 chupán × (100 próca ÷ 5 phróca) = 10 gcupán<br>• Sú líomóide: 1/4 sú líomóide × (100 próca ÷ 5 phróca) = luach 5 líomóid de shú | | |

| | | |
|---|---|---|
| • Siúcra: 4 chupán × (100 próca ÷ 5 phróca) = 80 cupán<br>Oibrigh amach líon na bprócaí is féidir a dhéanamh le 20 cupán sméara dubha:<br>• Líon na bprócaí: 20 cupán ÷ (8 gcupán ÷ 5 phróca) = 12.5 próca (slánaigh é go dtí an tslánuimhir is gaire). Is féidir leis an teaghlach thart ar 12 phróca suibhe a dhéanamh le 20 cupán sméara dubha. | | |
| Ríomh líon na bprócaí suibhe is féidir a dhéanamh ag baint úsáid as 20 cupán sméara dubha<br>• Líon na bprócaí: 20 cupán ÷ 8 gcupán = 2.5 próca<br>Ós rud é nach féidir linn codán de phróca a bheith againn, slánaigh é go dtí an tslánuimhir is gaire. Is féidir le teaghlach Mhic Suibhne thart ar 2 phróca suibhe a dhéanamh ag baint úsáid as 20 cupán sméara dubha. | I. Déanann sé iarracht trí chainníocht na bprócaí a dhúbailt agus beagán níos mó<br>II. Ríomhann sé go cruinn dhá oiread na cainníochta agus ceithre phróca eile.<br>III. Déanann sé ríomh ag úsáid codán agus/nó deachúlacha. | |